# 17 Ró-íocaíochtaí Leasa Shóisialta a Bhainistiú

**17.1** Déanann an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta (an Roinn) íocaíochtaí i leith tacaíocht ioncaim le thart ar 1.6 milliún duine gach seachtain. Ba é €19.2 milliún a caiteachas foriomlán in 2016[1]

**17.2** Tugann an Roinn tacaíocht do dhaoine aonair agus do theaghlaigh trí scéimeanna éagsúla arna gcistiú tríd an Vóta Coimirce Sóisialaí agus an Ciste Árachais Shóisialaigh. Baineann na scéimeanna a mhaoinítear tríd an Vóta go príomha le cúnamh sóisialach, agus bíonn siad bunaithe go minic ar thástálacha acmhainne. Bíonn na scéimeanna arna maoiniú faoin gCiste Árachais Shóisialaigh bunaithe ar árachas sóisialta, áit a mbíonn an incháilitheacht ag brath ar leibhéal na ranníocaíochtaí ÁSPC atá déanta ag an éilitheoir de réir an taifid.[2]

**17.3** Tagann ró-íocaíocht na tacaíochta ioncaim i gceist nuair a fhaigheann an Roinn fianaise go bhfuil íocaíocht faighte ag éilitheoir nach raibh ag gabháil dó nó di nó gur mó an leibhéal íocaíochta a fuair sé nó sí ná an teidlíocht. Féadfaidh ró-íocaíocht a theacht chun solais sna cásanna seo a leanas:

- má sholáthraíonn éilitheoir faisnéis nua ar bhonn deonach
- má sholáthraíonn tríú páirtí faisnéis ábhartha (mar shampla, faisnéiseoir nó meaitseáil sonraí)
- mar thoradh ar ghníomhaíocht rialaithe de chuid na Roinne.[3]

**17.4** I gcás ina n-aithnítear ró-íocaíocht, déantar an íocaíocht a fhoirceannadh nó a laghdú go dtí an leibhéal ceart. Taifeadtar fiach atá infhorghníomhaithe le dlí. Ceann de na cuspóirí atá le *Straitéis Cloí agus Frithchalaoise 2014 – 2018* na Roinne ná dul sa tóir ar na fiacha sin go gníomhach go dtí go mbeidh siad aisghafa ina n-iomláine.

**17.5** Sa tréimhse 2013 go 2016, thaifead an Roinn ró-íocaíochtaí idir €100 milliún agus €120 milliún gach bliain. Le linn na tréimhse céanna, tháinig méadú ar an leibhéal fiachais ró-íocaíochta a bhí gan íoc ag deireadh na bliana ó €420 milliún go €482 milliún (Féach Fíor 17.1). Le linn na tréimhse sin, tháinig laghdú 8.7% ar an gcaiteachas ar leas sóisialach.

**17.6** Tá an tuarascáil seo bunaithe ar thorthaí an iniúchta ar ró-íocaíochtaí a rinneadh mar chuid den iniúchadh ar scéimeanna leasa shóisialaigh. Déantar scrúdú inti freisin ar na nithe seo a leanas


- nósanna imeachta na Roinne maidir le fiachas ró-íocaíochta a bhainistiú
- cúiseanna leis na ró-íocaíochtaí
- cé mar a d'éirigh leis an Roinn agus na ró-íocaíochtaí a taifeadadh á n-aisghabháil aici
- an gníomh forfheidhmiúcháin arna ghlacadh ag an Roinn.

1 Cuimsíodh sa chaiteachas iomlán ar na scéimeanna in 2016 €10.7 billiún ón Vóta Coimirce Sóisialaí agus €8.5 billiún ón gCiste Árachais Shóisialaigh.

2 Féadfaidh feidhm a bheith ag coinníollacha incháilitheachta eile freisin.

3 Áirítear ar ghníomhaíocht rialaithe na Roinne athbhreithnithe rialaithe, suirbhéanna calaoise agus earráide, iniúchóireacht inmheánach, aonad imscrúdaithe speisialta agus samhaltú réamh-mheastach anailíse.

**Fíor 17.1 Ró-íocaíochtaí a aithníodh, 2013 go 2016**





Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

## Nósanna Imeachta Aisghabhála

17.7 Chuir an Roinn Córas Cuntasaíochta Fiach agus Fáltas nua (CCFF) i bhfeidhm i mí na Samhna 2014 chun fiacha agus fáltais airgid a bhainistiú. Tá leibhéal níos mó uathoibrithe i gceist sa chóras maidir le haisghabháil agus cumarsáid le féichiúnaithe. Tá sé ceaptha lena chinntiú go n-eiseofar comhfhreagras maidir le fiacha go pras agus go gcuirfear ráitis thréimhsiúla maidir le fiacha gan íoc chuig na féichiúnaithe.

17.8 Tugtar achoimre i bhFíor 17.2 ar an bpróiseas aisghabhála ró-íocaíochta i ndiaidh thabhairt isteach CCFF. Déantar idirdhealú ann idir cásanna ina bhfuil an féichiúnaí fós ag fáil tacaíocht ioncaim, agus cásanna nach bhfuil an féichiúnaí ag fáil na n-íocaíochtaí a thuilleadh.

**Fíor 17.2 An próiseas aisghabhála ró-íocaíochta**




Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

## Cúiseanna le ró-íocaíochtaí


**17.9** Déanann an Roinn ró-íocaíochtaí a rangú mar seo a leanas:

- **calaois agus calaois amhrasta** — nuair is cosúil gur thug an t-éilitheoir faisnéis bhréagach nó faisnéis mhíthreorach go feasach nó gur cheil sé nó sí faisnéis ábhartha go toiliúil
- **earráid de chuid an éilitheora** — mar gheall ar earráid a rinne an t-éilitheoir gan chuimhneamh maidir le faisnéis a sholáthar nó gan í a sholáthar
- **earráid de chuid na Roinne** — rud a tharlaíonn go príomha nuair nach nglactar an beart ceart i ndáil le faisnéis atá i seilbh na Roinne
- **cásanna eastáit** — tarlaíonn siad sin nuair a thagann sé chun solais, tar éis bás duine a bhí ag fáil cúnamh sóisialach, nár nochtadh acmhainní uile an té nach maireann.

**17.10** Tháinig athrú éigin ar na cúiseanna a taifeadadh maidir le ró-íocaíochtaí idir 2013 agus 2016, mar atá léirithe i bhFíor 17.3.

- Leagadh 49% de luach na ró-íocaíochtaí a aithníodh in 2013 le calaois nó le calaois amhrasta. Bhí an méid sin laghdaithe go 37% in 2016.
- Tháinig laghdú ar chion na ró-íocaíochtaí a rangaíodh mar earráid de chuid na Roinne ó 4.8% go 2.1%.
- Tháinig méadú ar leibhéal na ró-íocaíochtaí a cuireadh i leith earráid de chuid an éilitheora (suas ó 34% go 42%) agus i leith cásanna eastáit (suas ó 12% go 18%) le linn na tréimhse.

**Fíor 17.3 Cúiseanna leis na ró-íocaíochtaí a taifeadadh, 2013 go 2016**




Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

## Ró-íocaíochtaí a fháil ar ais


**17.11** Aisghabhann an Roinn ró-íocaíochtaí ar dhá bhealach:

- íocaíochtaí díreacha (cnapshuim nó tráthchodanna) ó éilitheoirí nó óna n-eastáit (airgead tirim)
- cuid de na teidlíochtaí leasa shóisialaigh nó iad go léir a choinneáil siar (asbhaintí).

**17.12** Déantar anailís i bhFíor 17.4 ar stádas an fhiachais a taifeadadh gach bliain ó 2009 go 2016, agus léirítear stádas an fhiachais sin ag deireadh 2016. Léirítear san anailís sin go ndéantar roinnt de na fiacha arna dtaifeadadh gach bliain a chealú ina dhiaidh sin.

**17.13** Bunaithe ar an bhfeidhmíocht go dtí deireadh 2016, ráta aisghabhála thart ar 30% atá i gceist maidir le fiacha taifeadta (i.e. tar éis na bhfiach a cealaíodh) sa bhliain ina n-aithnítear an ró-íocaíocht. Tagann méadú ar an ráta aisghabhála le himeacht ama, go dtí leibhéal idir 50% agus 60% tar éis trí nó ceithre bliana.

**Fíor 17.4 Stádas an fhiachais a taifeadadh idir 2009 agus 2016 ar an 31 Nollaig 2016**




Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: Ní áirítear fiachas €141.6 milliún roimh an mbliain 2009 a bhí gan íoc ar an 31 Nollaig 2016. Níl faisnéis roimh 2009 ar fáil maidir le luach bunaidh na ró-íocaíochta a taifeadadh ná na méideanna a díscríobhadh nó a aisghabhadh.

**17.14** Dúirt an Roinn nach mór roinnt cúinsí a chur san áireamh agus aisghabháil fiachais ró-íocaíochta á breithniú, lena n-áirítear:

- cúinsí agus gnéithe ama, amhail an méid ama atá caite ó taifeadadh an fiach nó ó cuireadh tús le bearta aisghabhála, nó cúinsí dá samhail
- tionchar na mbeart um bainistiú fiachais ar nós díscríobh nó díluachái an fhéich
- deiseanna agus modhanna atá ar fáil ag an Roinn chun dul i mbun aisghabhála, go háirithe sa tréimhse sular tugadh isteach cumhachtaí reachtúla nua chun tacú le bearta aisghabhála.


### *Ró-íocaíochtaí a dhíscríobh*

**17.15** Is féidir ró-íocaíochtaí a dhíscríobh nuair a mheastar nach réadúil a bheith ag súil leis go n-aisíocfar fiach. Mar shampla, d'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh sna cásanna seo a leanas:

- tá féichiúnaí éagtha agus níl an acmhainn ina eastát nó ina heastáit chun an fiach a aisíoc
- theip ar an Roinn gníomhú i bhfráma ama réasúnta ar bhonn faisnéis ón bhfaighteoir maidir le hathrú a bheith tagtha ar chúinsí
- d'eascair an fiach mar gheall ar earráid de chuid na Roinne agus ní fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go mbeadh a fhios ag an duine gur tharla an earráid
- níl dóthain fianaise ann maidir le fiach níos sine.

**17.16** Ní fhéadfaidh ach oifigigh údaraithe fiacha a dhíscríobh. Déantar an díscríobh ar an gcóras CCFF. Ní mór an chúis atá leis an díscríobh a thaifeadadh go soiléir trí nóta cáis ina bhfuil cur síos ar na cúinsí. Léirítear i bhFíor 17.5 leibhéal na ró-íocaíochtaí a díscríobhadh idir 2009 agus 2016.

**Fíor 17.5 Ró-íocaíochtaí a ndearnadh díscríobh orthu, 2009 go 2016**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**17.17** Ba sa bhliain 2014 a bhí na ró-íocaíochtaí a díscríobhadh ar an leibhéal ab airde, tráth ar díscríobhadh €14.1 milliún san iomlán. Bhí an buaicphointe sin ina thoradh ar athbhreithniú ar ró-íocaíochtaí a rinne an Roinn nuair a tugadh CCFF isteach. Mar chuid den ascnamh ar na sonraí, rinne an Roinn díscríobh orthu seo a leanas:

- fiacha ag a raibh luach aonair gan íoc níos lú ná €100 an ceann agus nár tharla aon ghníomhaíocht aisghabhála ina leith sa tréimhse 24 mí roimh mhí na Samhna 2014 — luach iomlán €1.3 milliún maidir le 29,065 cás
- fiacha de chuid daoine éagtha nach raibh aon ghníomhaíocht aisghabhála ón eastát ar feitheamh ina leith — luach iomlán €7.4 milliún maidir le 4,222 cás.

**17.18** Díscríobhadh €2.7 milliún san iomlán in 2016. Léirítear i bhFíor 17.6 na cúiseanna a taifeadadh i ndáil leis na cásanna díscríofa sin.

**Fíor 17.6 Cúiseanna a taifeadadh maidir le ró-íocaíochtaí a dhíscríobh in 2016**

| Cúis | € | Líon | Meánfhiach € |
|---|---|---|---|
| Socrú comhaontaithe[a] | 874,841 | 202 | 4,331 |
| Féichiúnaí éagtha | 578,512 | 1,912 | 302 |
| Imthosca maolaitheacha[b] | 510,675 | 573 | 891 |
| Beartas Lárnach maidir le Bainistiú Fiachais[c] | 366,912 | 4,755 | 77 |
| Níor ghníomhaigh an Roinn laistigh de thréimhse ama réasúnta[d] | 149,407 | 162 | 922 |
| Níl ionchas ar bith ann i dtaobh aisghabhála | 259,774 | 376 | 691 |
| Eile | 12,578 | 48 | 262 |
| Ais-scríofa[e] | (24,726) | 10 | 2,473 |
| | **2,727,973** | **8,038** | **339** |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí:
a Is iondúil gur i gcásanna eastáit nó i gcás ró-íocaíochtaí ag a bhfuil luach an-mhór a dhéantar socruithe foirmiúla.
b Cásanna inar chinn an Roinn fiacha a dhíscríobh ionas nach mbeadh cruatan míchuí eacnamaíoch á fhorchur ar fhéichiúnaithe, nuair a mheastar go bhfuil sé sin inchosanta de bharr imthosca áirithe na gcásanna aonair.
c Cásanna ar beag a luach nó cásanna féich iarmharaigh ar mheas an Láraonad Fiachais a bheith do-aisghabhála agus a ndearnadh díscríobh orthu.
d Tar éis don Roinn faisnéis a fháil i ndáil le cásanna aonair, níor ghníomhaigh sí ina leith trí athrú a dhéanamh ar íocaíochtaí ná aisghabháil a lorg laistigh de thréimhse ama réasúnta.
e Cásanna a ndearnadh iad a dhíscríobh roimhe seo agus a ais-scríobhadh in 2016.

## In-aisghabhálacht féich

**17.19** Áirítear leis na príomhchúinsí a théann i bhfeidhm ar in-aisghabhálacht féich leasa shóisialaigh:


- aois an fhéich
- méid an fhéich
- stádas an fhéich.

### *Aois an fhéich*

**17.20** Tugtar le fios sa dea-chleachtas[1] maidir le haisghabháil fiach gur chóir dul i gcomhairle go luath le féichiúnaithe toisc gurb ea is deacra fiach a aisghabháil dá shine é. Léirítear i bhFíor 17.7 aois an fhiachais ró-íocaíochta a bhí gan íoc ar an 31 Nollaig 2016.

1 D'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe treoir dea-chleachtais maidir le bailiú fiach ag comhlachtaí poiblí in Eanáir 2017.

**Fíor 17.7 Aois an fhiachais ró-íocaíochta ag deireadh 2016, de réir líon na gcásanna agus luacha**




Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste


**17.21** Taifeadadh níos lú ná 14% den fhiachas ró-íocaíochta a bhí gan íoc ar an 31 Nollaig 2016 in 2016. Tá os cionn 46% de na ró-íocaíochtaí (de réir luacha) níos mó ná cúig bliana d'aois, agus tá beagnach an ceathrú chuid díobh níos mó ná deich mbliana d'aois.

### *Méid an fhéich*

**17.22** Tá roinnt fiach an-bheag fós neamhghníomhach ar an gcóras — meascán de mhéideanna beaga a taifeadadh ar dtús agus iarmhéideanna iarmharacha ró-íocaíochtaí nach bhfuil gníomhaíocht aisíocaíochta ar bun ina leith a thuilleadh. I gcás ina bhfuil fiach mór i gceist, d'fhéadfadh sé nach bhfuil sé d'acmhainn ag an bhféichiúnaí é a aisíoc, e.g. má tá íocaíocht leasa shóisialaigh á fáil ag an bhféichiúnaí, d'fhéadfadh sé nach mbeadh tionchar ábhartha ag an méid is in-aisghabhála trí mheán asbhaintí ar mhéid mór atá gan íoc.

**17.23** Léirítear i bhFíor 17.8 an fiachas a bhí gan íoc ar an 31 Nollaig 2016, agus é srathaithe de réir luacha, agus tugtar líon na bhféichiúnaithe agus an luach iomlán i ngach banda.

**Fíor 17.8 Méid an fhiachais — líon na gcásanna agus a luach**



| Luach na bhfiach aonair | Líon agus luach na bhfiach sa chatagóir seo | Iomlán |
|---|---|---|
| €0-100 | | 36,211 duine aonair<br>€1.6 milliún |
| €101-500 | | 68,574 duine aonair<br>€17.4 milliún |
| €501 go dtí 1,000 | | 26,642 duine aonair<br>€19 milliún |
| €1,001 go 5,000 | | 39,964 duine aonair<br>€89 milliún |
| €5,001 go 10,000 | | 9,473 duine aonair<br>€66.5 milliún |
| €10,001 go 50,000 | | 9,814 duine aonair<br>€198.3 milliún |
| Os cionn €50,000 | | 1,156 duine aonair<br>€90.7 milliún |
| Iomlán | | 191,834 duine aonair<br>€482.5 milliún |

Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**17.24** I gcás díreach faoi bhun 11,000 féichiúnaí (5.7% den iomlán), is orthu a bhí luach €289 milliún (60%) de na fiacha gan íoc ag deireadh 2016.

**17.25** Bainistíonn Láraonad Fiachais na Roinne 1,156 cás féichiúnaithe a bhaineann le fiacha €50,000 nó níos mó (meánfhiach €78,500). Sna cásanna sin, tugann an Láraonad Fiachais bunús leis an ró-íocaíocht agus

- i gcás féichiúnaí atá ag fáil íocaíocht leasa faoi láthair, cuirtear plean aisghabhála cuí in iúl don fhéichiúnaí agus cuirtear chun feidhme asbhaintí ó íocaíochtaí leasa shóisialaigh ar bhonn leanúnach
- i gcás féichiúnaithe nach bhfuil ag fáil íocaíocht leanúnach leasa shóisialaigh faoi láthair, scríobhann an Láraonad Fiachais díreach chuig an bhféichiúnaí ag lorg aisghabháil na suime a ró-íocadh. Mura dtéann an féichiúnaí i mbun rannpháirtíochta leis, cuireann an Láraonad Fiachais tús leis an bpróiseas chun ordú astaithe a dhéanamh.

**17.26** Mar chuid den scrúdú, rinneadh athbhreithniú ar na cásanna ba mhó ró-íocaíochtaí a bhí idir lámha ag deireadh na bliana 2016 — sé chás ina raibh an méid ró-íocaíochta arna ríomh ag an Roinn os cionn €200,000 an ceann (Féach Fíor 17.9).

**Fíor 17.9 Fiacha os cionn €200,000 — líon agus luach**

| Sonraí na ró-íocaíochtaí (agus an dáta ar cinneadh iad)[a] | Iarmhéid gan íoc ar an 31 Nollaig 2016 mar % den fhiach bunaidh | Toradh na n-imscrúduithe a rinne an Roinn | Stádas i dtaobh aisghabhála |
|---|---|---|---|
| Éileamh calaoiseach nó éilimh chalaoiseacha mar gheall ar phearsanú (Lúnasa 2013) | € 333,463 100% | Rinneadh an t-éilitheoir a chiontú agus forchuireadh pianbhreith choimeádta 5 bliana. | Tá an duine faoi choimeád. Aisghabháil nuair a scaoiltear saor an duine go sealadach. |
| Éileamh calaoiseach nó éilimh chalaoiseacha amhrasta mar gheall ar phearsanú (Aibreán 2016) | €332,632 100% | Cás faoi imscrúdú ag an nGarda Síochána. | Bearta aisghabhála ar feitheamh. |
| Éileamh calaoiseach amhrasta ar an liúntas cuardaitheora poist 1995 go 2012 (Feabhra 2015) | € 258,419 100% | Cás faoi imscrúdú ag an nGarda Síochána. | Asbhaintí (€90 sa tseachtain) i bhfeidhm ar íocaíochtaí leasa ó mhí Feabhra 2017. |
| Éileamh calaoiseach nó éilimh chalaoiseacha amhrasta maidir leis an sochar teaghlaigh aontuismitheora 1992 go 2014 (Eanáir 2015) | € 214,292 99% | Rinneadh ionchúiseamh a mheas ach cinneadh nach raibh sé sin cuí. | Asbhaintí (€15 sa tseachtain) i bhfeidhm ar íocaíochtaí leasa. |
| Éileamh calaoiseach nó éilimh chalaoiseacha amhrasta ar an liúntas cuardaitheora poist 2002 go 2013. (Samhain 2014) | €213,814 92% | Rinneadh ionchúiseamh a mheas ach cinneadh nach raibh sé sin cuí. | Asbhaintí (€80 sa tseachtain) i bhfeidhm ar íocaíochtaí leasa. |
| Éileamh calaoiseach nó éilimh chalaoiseacha amhrasta maidir le sochar teaghlaigh aontuismitheora 1990 go 2013. (Meán Fómhair 2014) | € 206,082 100% | Rinneadh ionchúiseamh a mheas ach cinneadh nach raibh sé sin cuí. | Gan íocaíocht phearsanta leasa ar bith i gceist. Ordú astaithe faoi bhreithniú. |

Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí


Nóta: a Is ann do ró-íocaíocht ón dáta ar a chinneann oifigeach breithiúnachta an t-ábhar faoi na hachtanna leasa shóisialaigh agus a thaifeadann sé nó sí an ró-íocaíocht ar CCFF.

### *Stádas an fhéich*

**17.27** Sannann an Roinn marcóir do gach taifead féich a léiríonn stádas reatha an fhéich. Léirítear i bhFíor 17.10 stádas na bhfiach go léir a bhí gan íoc ar an 31 Nollaig 2016. Is iad na táscairí a úsáideadh:

- Gníomhach — á aisíoc: fuarthas íocaíocht ón bhféichiúnaí le cúig seachtaine anuas
- Gníomhach — níl sé á aisíoc: níl aisíocaíocht déanta ag an bhféichiúnaí le cúig seachtaine anuas nó tá fiach níos sine á aisíoc ag an bhféichiúnaí
- Ar fionraí — níl aon bhearta aisghabhála i bhfeidhm.

**Fíor 17.10 Stádas an fhiachais ag deireadh 2016**




Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**17.28** I gcás ina bhfuil éilitheoir ag fáil íocaíocht leasa ón Roinn faoi láthair, déantar foráil sa reachtaíocht maidir le ró-íocaíochtaí a aisghabháil trí asbhaint ar ráta suas le 15% den ráta pearsanta tar éis teagmháil a bheith déanta leis an éilitheoir. Mar sin féin, ní fhéadfar ró-íocaíochtaí a bhaineann le scéimeanna leasa eile a aisghabháil ó íocaíochtaí sochair linbh.

**17.29** Tá 67,182 ró-íocaíocht san iomlán ann maidir le daoine aonair atá ag fáil íocaíocht leasa faoi láthair. Bhí fiacha dar luach €68.4 milliún, thart ar 34,412 fiach, ar dhaoine aonair a raibh íocaíocht leasa á fáil acu ach nach raibh aisíocaíocht ar bith á déanamh acu ar na méideanna a bhí dlite.

**17.30** Taispeántar 68,562 fiach san iomlán mar chinn atá ar fionraí, rud a chiallaíonn nach bhfuil aon aisghabháil i bhfeidhm faoi láthair.

**17.31** Áirítear sna suimeanna a thaispeántar ró-íocaíochtaí a bhaineann le féichiúnaithe atá éagtha. Baineann 9,275 fiach san iomlán, dar luach €31 milliún de na ró-íocaíochtaí a bhí gan íoc ar an 31 Nollaig 2016, le daoine atá éagtha.

**17.32** As na féichiúnaithe sin nach bhfuil ag fáil íocaíocht leasa a thuilleadh, tá níos lú ná 8% de na ró-íocaíochtaí, dar luach €46.3 milliún (17% de luach na bhfiach sin), á n-aisíoc go gníomhach.

## Forfheidhmiú dlí

**17.33** D'fhéadfadh sé a bheith i gceist le caingean dlí a dhéanfadh an Roinn go nglacfaí ionchúiseamh coiriúil i ndáil le cásanna suntasacha mí-úsáide leasa agus/nó imeachtaí sibhialta chun éascú d'aisghabháil na ró-íocaíochtaí leasa nó riaráistí ÁSPC a bhailiú.

### *Cásanna ionchúisimh choiriúil*

**17.34** Féachann an Roinn le hionchúiseamh a dhéanamh ar na cásanna is tromchúisí ina bhfuil fianaise láidir ann ar chalaois. Agus cásanna á mbreithniú i ndáil le hionchúiseamh, úsáideann an Roinn critéir amhail fad agus méid na calaoise agus stair an cháis roimhe sin. Cuirtear ualú i bhfeidhm ansin ar gach ceann de na critéir chun cásanna atá oiriúnach le haghaidh ionchúisimh a mheas.

**17.35** Ba é líon na ró-íocaíochtaí ar scéimeanna leasa shóisialaigh in 2016 a cuireadh i leith calaoise ná 16,225. Bhí luach os cionn €5,000 ag 1,305 san iomlán de na ró-íocaíochtaí sin de bharr calaoise. In 2016, bhreithnigh Láraonad Ionchúisimh na Roinne 222 cás san iomlán maidir le himeachtaí coiriúla.

**17.36** Léirítear i bhFíor 17.11 líon na gcásanna a cuireadh ar aghaidh lena n-ionchúiseamh ó 2013 go 2016.

**Fíor 17.11 Líon na gcásanna a cuireadh ar aghaidh lena n-ionchúiseamh, 2013 go 2016**

| | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| An tAcht Leasa Shóisialaigh[a] | 198 | 201 | 202 | 181 |
| An tAcht um Cheartas Coiriúil[b] | 68 | 115 | 151 | 160 |
| **Iomlán** | **266** | **316** | **353** | **341** |

Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

Nótaí: a Áirítear leis na cineálacha cásanna seo cinn ina mainníonn éilitheoirí a chur in iúl go bhfuil athrú tagtha ar a gcúinsí, ina ndéanann siad dearbhuithe bréagacha nó ina ndéanann siad fíricí ábhartha a cheilt go feasach; ina gcuireann siad bac ar chigire leasa shóisialaigh; nó ina mainníonn siad ranníocaíochtaí árachais a dhéanamh a mheastar a bheith dlite.

b Faoi na hAchtanna um Cheartas Coiriúil, tógtar ionchúiseamh i gcoinne daoine a dhéanann calaois ar an gcóras íocaíochtaí leasa shóisialaigh agus i gcoinne fostóirí a mhainníonn a gcuid oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh. I measc na gcineálacha cásanna tá pearsanrú; mí-úsáid uimhreach seirbhíse poiblí; a bheith ag maireachtáil lasmuigh den Stát agus sochair nó cúnamh á n-éileamh nach bhfuil ar fáil ach do chónaitheoirí; calaois; ráitis bhréagacha ábhartha a dhéanamh; doiciméid bhréagacha a úsáid chun íocaíocht leasa a fháil; doiciméid a mhí-úsáid nó a scriosadh go neamhdhleathach; athchiontú; ceilt a dhéanamh d'aon ghnó, comhcheilg i ndáil le meabhlaireacht nó éilliú.

**17.37** I gcásanna amhail pearsanrú, calaois aitheantais agus i gcás inar féidir cionta a rangú mar ghoid agus/nó calaois, meastar go bhfuil an cion níos oiriúnaí d'ionchúiseamh faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001 mar gheall ar a thromchúisí is atá an cion líomhnaithe.

**17.38** Ba é 341 líon na gcásanna a cuireadh ar aghaidh le haghaidh imeachtaí coiriúla in 2016, agus cuireadh 181 cás díobh sin faoi bhráid an Phríomh-Aturnae Stáit agus aturnaetha Stáit áitiúla, agus cuireadh 160 cás díobh faoi bhráid an Gharda Síochána faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001.

### *Toradh na gcásanna ionchúisimh*

**17.39** Léirítear i bhFíor 17.12 toradh na gcásanna a ionchúisíodh faoin Acht Leasa Shóisialaigh ó 2013 go 2016. Níl na sonraí ar fáil faoi láthair maidir le cásanna a cuireadh faoi bhráid an nGarda Síochána.

**Fíor 17.12 Toradh na gcásanna a ionchúisíodh faoin Acht Leasa Shóisialaigh[a], 2013 go 2016**

| | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| Gearradh fíneáil | 121 | 162 | 129 | 104 |
| An tAcht Promhaidh | 32 | 31 | 41 | 36 |
| Pianbhreith ar fionraí | 21 | 31 | 16 | 17 |
| Scriosta amach | 6 | 13 | 15 | 11 |
| Tarraingthe Siar | 5 | 3 | 9 | 6 |
| Pianbhreith phríosúin | 2 | 7 | 2 | 4 |
| Díofa | 1 | 5 | 0 | 4 |
| Seirbhís pobail | 2 | 5 | 13 | 4 |
| Eile | 2 | 7 | 6 | 2 |
| **Iomlán** | **192** | **264** | **231** | **188** |

Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

Nóta: a Tagraíonn do chásanna ró-íocaíochta éilitheora agus iadsan amháin. Ní hionann líon na n-atreoruithe agus líon na n-éisteachtaí a cuireadh i gcrích mar gheall ar agaí moille sa phróiseas.

**17.40** Chomh maith le himeachtaí i gcoinne faighteoirí leasa, cuireadh i gcrích sé chás a bhain le fostóirí in 2016. Gearradh fíneálacha in dhá cheann de na cásanna sin, agus ba é €600 an meánluach. Cuireadh i bhfeidhm an tAcht Promhaidh i gcás amháin agus tarraingíodh siar trí cinn.

**17.41** Ag deireadh 2016, bhí 565 cás idir lámha ag aturnaetha Stáit agus bhí siad ag céimeanna éagsúla den phróiseas ionchúisimh.

### ***Imeachtaí forfheidhmithe sibhialta maidir le fiacha***

**17.42** I gcásanna sibhialta, déantar iniúchadh ar chumas an duine chun an fiach a aisíoc. Dúirt an Roinn nach ndéantar imeachtaí a thionscnamh i gcúinsí ina bhfuil an fiach á aisíoc, nó nach bhfuil an féichiúnaí in ann é a aisíoc nó nach bhfuil aon sócmhainní aige nó aici. Saothar in aisce a bheadh in imeachtaí sibhialta i gcásanna den sórt sin agus bheadh costas nach beag ar an Roinn dá mbarr.

**17.43** Ní thugann an Roinn faoi imeachtaí sibhialta chun fiacha a aisghabháil ach amháin nuair a bhíonn súil réasúnta ann go bhfuil dóthain acmhainní ag an bhféichiúnaí chun an fiach a ghlanadh. Dúirt an Roinn gur theoranta an úsáid a bhain sí as imeachtaí sibhialta chun fiacha a aisghabháil mar gheall ar na costais a bhaineann le hionchúisimh agus tar éis di breithniú a dhéanamh ar fhíorais na gcásanna aonair agus ar chúinsí an fhéichiúnaí.

**17.44** Idir 2013 agus 2016, chuir an Roinn i gcrích 36 babhta imeachtaí sibhialta.

- Baineadh amach torthaí dearfacha i 16 gcás. Is éard atá sna 16 chás sin ná aon cheann déag de shocruithe tráthchodanna agus cúig bhreithiúnas cúirte i bhfabhar na Roinne
- Cuireadh deireadh leis an 20 cás eile mar gheall ar athruithe ar chúinsí an fhéichiúnaí (ocht gcás) nó mar gheall go raibh an cás tagtha faoi urchosc reachta (dhá chás déag). Is iondúil gurb é an fhoinse mhoille is cúis le cás a theacht faoi urchosc ná fianaise leordhóthanach a bhailiú chun tacú leis an gcás.

**17.45** Ag deireadh 2016, bhí 16 chás shibhialta ag an Roinn a bhí fós le cur i gcrích. Ba é 16 an figiúr comhionann ag deireadh na bliana 2015 freisin.

### *Orduithe astaithe*

**17.46** Faoin Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005 (arna leasú), tugtar cumhachta astaithe don Roinn.[1] Féadfaidh an Roinn astú a dhéanamh ar shuimeanna arna gcoimeád in institiúidí airgeadais nó atá dlite d'fhostóir do dhuine atá i bhfiacha leis an Roinn. Déantar é sin trí fhógra astaithe a sheirbheáil ar an institiúid airgeadais nó ar an bhfostóir.

**17.47** Beidh treoracha san fhógra astaithe maidir leis an méid a bheidh le tógáil ó chuntas bainc atá i seilbh an fhéichiúnaí nó le hasbhaint as gach íocaíocht pá nó tuarastail a bheidh dlite don fhéichiúnaí thar thréimhse ama sonraithe agus le híoc leis an Roinn go dtí go mbeidh an méid sonraithe íoctha.

**17.48** Go dtí mí an Mheithimh 2017, bhí ordú astaithe forghníomhaithe i leith 31 cás ag a raibh luach bunaidh €952,000, agus bhí €369,000 aisghafa. In 88 cás, a raibh luach €507,000 acu in éineacht, rinneadh aisíocaíocht iomlán nó cuireadh tús le haisghabháil tar éis gur bagraíodh imeachtaí astaithe nó sula bhféadfaí an t-ordú a fhorghníomhú. Ba é an méid a bhí aisíoctha sna cásanna sin ag deireadh mhí an Mheithimh 2017 ná €453,000.

## Bailiú fiach — an dea-chleachtas

**17.49** D'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe treoir dea-chleachtais maidir le bailiú fiach ag comhlachtaí poiblí *(Best Practice Guide for Collection of Debt by Public Bodies*) i mí Eanáir 2017. Tá an treoir bunaithe ar athbhreithniú inar aithníodh príomhthosca ratha maidir le bainistiú fiachais. Léirítear i bhFíor 17.13 na torthaí a d'eascair as na prionsabail sin a úsáid mar bhonn chun meastóireacht a dhéanamh ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm sa Roinn faoi láthair.

**Fíor 17.13 Measúnú ar nósanna imeachta i gcoinne príomhthosca ratha faoin dea-chleachtas**

| Príomhthoisc ratha | Cloí leis an dea-chleachtas |
|---|---|
| ***Nósanna imeachta maidir le bailiú fiach*** | |
| Beartais agus nósanna imeachta doiciméadaithe maidir le bainistiú fiachais | ◍ |
| Córas sainchuspóra maidir le bainistiú fiachais | ● |
| 'Aon amharc amháin in aghaidh an chustaiméara' ar na custaiméirí | ● |
| Conairí saincheaptha bailiúcháin | ◍ |
| Sainoiliúint agus saintacaíocht maidir le bainistiú fiachais | ◍ |
| Úsáid chuí a bhaint as seirbhísí bailiúcháin tríú páirtí | ○ |
| ***Idirghníomhaíocht le Custaiméirí*** | |
| Teagmháil luath le cliaint | ● |
| Billeáil luath, chruinn | ● |
| Forfheidhmiú láidir, arna chur in iúl go soiléir | ◍ |
| Raon roghanna íocaíochta; éasca íocaíocht a dhéanamh | ○ |
| **Faisnéis bainistíochta feidhmíochta** | |
| Sonraí a bhailiú agus a chothabháil go cruinn | ○ |

Foinse: *Collection of Debt by Public Service Bodies — Best Practice Guide*, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (2017). Measúnú ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

● maith: cloítear leis an bprionsabal go hiomlán nó go substaintiúil

◍ leordhóthanach: tugtar aghaidh ar fhormhór ghnéithe an phrionsabail le roinnt teorainneacha

○ teoranta: níor chomhlíonadh an prionsabal ach go páirteach, nó bhí teorainn shuntasach ann, nó ní raibh feidhm aige.

1 Is próiseas é astú trína bhféadfaidh creidiúnaí a iarraidh go ndéanfar maoin shonrach de chuid féichiúnaí a aistriú chuig an gcreidiúnaí. Áirítear le maoin de chuid féichiúnaí airgead atá i gcuntais ag an bhféichiúnaí agus folaítear léi freisin tuarastal nó tuilleamh atá dlite ó fhostóir don fhéichiúnaí

### *Nósanna imeachta maidir le bailiú fiach*

**17.50** Leagtar amach i mbeartais agus nósanna imeachta na Roinne an cur chuige a ghlacann sí maidir le ró-íocaíochtaí a thaifeadadh agus a aisghabháil, agus tá siad foilsithe ar a láithreán gréasáin. Tá sé ráite ag an Roinn go bhfuil sí ag obair i láthair na huaire ar na beartais agus na nósanna imeachta a nuashonrú lena chinntiú go gcomhlíonann siad treoirlínte dea-chleachtais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Glacfar san áireamh sna hathbhreithnithe ábhair imní a d'ardaigh Oifig an Ombudsman agus Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir le bainistiú fiach agus bainistiú aisghabhálacha.

**17.51** Soláthraítear i gcóras na Roinne amharc aonair ar gach custaiméir ina bhféadfar féachaint ar na sonraí go léir a bhaineann le héilimh an duine agus na hidirghníomhaíochtaí a bhí aige nó aici leis an gcóras leasa. Tá clár i bhfeidhm chun na fiacha móra a bhainistiú (iad siúd atá níos mó ná €50,000 an ceann). Tá próifíliú déanta ag an Roinn ar na fiacha go léir chun an straitéis chuí le haghaidh aisghabhála a chinneadh.

**17.52** Chuir an Láraonad Fiachais oiliúint ar fáil don rannóg scéime agus d'fhoireann oifig Intreo maidir le CCFF a úsáid. Mar sin féin, tá oiliúint bhreise ar scileanna sonracha bainistithe fiachais le soláthar go fóill.

**17.53** Níor thug an Roinn faoi aon bhreithniú foirmiúil ar leas a bhaint as gníomhairí aisghabhála fiach tríú páirtí. Measann an Roinn nach bhféadfaí leas a bhaint as seirbhísí aisghabhála tríú páirtí ach amháin nuair a bheidh leathnú déanta ar úsáid na n-orduithe astaithe agus nuair a chinnfear in-aisghabhálacht na seanfhiach agus na bhfiach oidhreachta.

### *Idirghníomhaíocht le custaiméirí*

**17.54** I mí an Mhárta 2017, thosaigh an Roinn ag eisiúint ráitis bhliantúla maidir le ró-íocaíochtaí a ardaíodh in 2016, cothrom an lae a ndearnadh iad a thaifeadadh ar CCFF. Dúirt an Roinn go bhfuil eisiúint na ráiteas á leathnú de réir a chéile ar bhonn sceidil ionas go n-áireofar sna ráitis na fiacha go léir ó bhlianta roimhe sin.

**17.55** Níl i gceist leis an raon roghanna íocaíochta atá ar fáil do dhaoine chun a gcuid fiach a aisíoc ach asbhaint ón íocaíocht leasa atá á déanamh faoi láthair nó trí chnapshuim airgid nó íocaíocht leanúnach airgid. Níl rogha ar fáil faoi láthair maidir le híoc ar líne nó le cárta.

### *Faisnéis bainistíochta feidhmíochta*

**17.56** Tugadh ar aird sa scrúdú go bhfoilsíonn an Roinn sonraí a bhaineann le luach ró-íocaíochtaí a ardaíodh agus a aisghabhadh agus aois na bhfiach gan íoc sa tuarascáil bhliantúil uaithi maidir le cur i bhfeidhm a Straitéise Comhlíontachta agus Frithchalaoise 2014 – 2018 (*Compliance and Anti-Fraud Strategy 2014 – 2018)*. (Foilsíodh tuarascáil bhliantúil 2016 i mí an Mheithimh 2017). Foilsítear sonraí maidir le fiacha agus aisghabhálacha freisin mar chuid de ráitis airgeadais an Vóta agus an Chiste Árachais Shóisialaigh. D'fhéadfadh an cháipéisíocht maidir le roinnt seanfhiach a taifeadadh a bheith neamhiomlán agus d'fhéadfadh sé sin bac a chur ar iarrachtaí an fiach a aisghabháil nó a thaispeáint gurb ann don fhiach i ndáiríre.

## Athbhreithniú ar na ró-íocaíochtaí

17.57 Thaifead an Roinn níos mó ná 76,000 ró-íocaíocht ar CCFF i rith 2016. San iomlán, rinneadh scrúdú ar shampla de 253 cás ró-íocaíochta a bhain le naoi n-áit agus seacht scéim leasa ar fud na tíre. Taispeántar torthaí an scrúdaithe ar na cásanna sin i bhFíor 17.14.

**Fíor 17.14 Torthaí an scrúdaithe ar shampla ró-íocaíochtaí**

| Saincheist | Líon na gcásanna | % de na cásanna a ndearnadh athbhreithniú orthu | Líon na suíomhanna |
|---|---|---|---|
| Earráidí ríofa | 13 | 5% | 7 |
| Níl aon phlean aisghabhála i bhfeidhm | 27 | 11% | 4 |
| Níor eisíodh teachtaireachtaí | 6 | 2% | 4 |
| Níor comhlíonadh treoracha maidir le leibhéal an athbhreithnithe | 25 | 10% | 1 |
| Cuireadh ar ceal gan cead a bheith faighte ó mhaoirseoir | 9 | 4% | 2 |
| Rinneadh an fiach a dhíscríobh in ionad é a chur ar ceal | 5 | 2% | 3 |

Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

17.58 Fuarthas san athbhreithniú ar ró-íocaíochtaí nach gcloítear i gcónaí le treoirlínte na Roinne féin. Rinneadh earráidí ríofa i 5% den sampla a scrúdaíodh agus ní raibh ceartú déanta orthu. In 27 cás i gceithre áit éagsúla, níor cuireadh pleananna i bhfeidhm maidir leis an bhfiach gan íoc a aisghabháil. Bhí seisear féichiúnaithe san iomlán nár eisíodh teachtaireacht dóibh i ndáil leis an ró-íocaíocht. In áit amháin, ní dhearnadh an leibhéal athbhreithnithe a bhí forordaithe maidir le cásanna ró-íocaíochta, agus chuaigh sé sin i bhfeidhm ar 10% de na cásanna samplacha. Cuireadh ar ceal naoi gcinn de na cásanna ró-íocaíochta (4% den sampla) gan cead a bheith faighte ón maoirseoir, agus taifeadadh cúig fhiach mar chinn a bhí díscríofa seachas iad a bheith curtha ar ceal.

## Conclúidí

### *Fiacha ró-íocaíochta gan íoc*

17.59 Thaifead an Roinn cásanna braite maidir le ró-íocaíochtaí le haghaidh idir €100 milliún agus €120 milliún in aghaidh na bliana a aisghabháil idir 2013 agus 2016. Tháinig laghdú ar luach na gcásanna a cuireadh i leith calaoise, calaois amhrasta agus earráid de chuid na Roinne thar an tréimhse sin ach rinneadh na laghduithe sin a fhritháireamh, ar a laghad go páirteach, de bharr méaduithe ar chásanna ina raibh earráid éilitheora i gceist agus ar chásanna eastáit.

**Moladh 17.1**

Ba cheart don Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar na cúiseanna is bun leis an méadú coibhneasta ar ró-íocaíochtaí a eascraíonn de bharr earráid éilitheora agus cásanna eastáit ionas gur féidir léi próisis rialaithe a athbhreithniú agus a leasú, de réir mar is gá.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe.  Tugann an Roinn ar aird, go háirithe, an dea-scéala faoin laghdú atá tagtha ar luach na ró-íocaíochtaí a bhaineann le calaois, calaois amhrasta agus earráid de chuid na Roinne le ceithre bliana anuas agus measann sí go mba thairbhiúil an rud é athbhreithniú a dhéanamh ar chásanna earráide éilitheora agus ar chásanna eastáit.

Maidir le hearráid éilitheora, cuireadh oiliúint agus forbairt níos déine ar fáil do na hOifigigh Bhreithiúnachta faoin tionscnamh OneDSP agus faoin treoir a sholáthair Oifig Chomhairleach Cinntí na Roinne, atá ceaptha chun tacú le feabhsuithe ar an bpróiseas cinnteoireachta i ngach réimse de na scéimeanna.  Is dócha go n-eascraíonn an t-athrú coibhneasta ó mheascán de chinnteoireacht fheabhsaithe, CCFF a bheith tugtha isteach, agus athrú ar iompar na n-éilitheoirí.  Ba cheart feasacht níos mó a bheith ag éilitheoirí ar an ngá atá ann athrú i gcúinsí duine a thuairisciú, de bharr méadú ar an bpoiblíocht le déanaí maidir le bearta frithchalaoise na Roinne.

Is sna scéimeanna Pinsean Stáit a thagann formhór na ró-íocaíochtaí a eascraíonn as cásanna eastáit i gceist.  Ba chóir a thabhairt ar aird go dtosóidh an Roinn suirbhé calaoise agus earráide ar an Scéim Neamhranníocach Pinsean Stáit anonn i mí Mheán Fómhair 2017.  Déanfar aon laigí rialaithe a shainaithneofar sa scéim sin a cheartú chomh tapa agus is féidir d'fhonn a beartas rialaithe fhoriomláin a neartú agus minicíocht na gcásanna eastáit a laghdú feasta.  Tá sé i gceist ag an Roinn freisin leathnú a dhéanamh ar a cuid oibre i dtaobh anailís ar rioscaí in 2018 agus beidh an Scéim Neamhranníocach Pinsean Stáit á breithniú aici mar cheann den chéad bheart scéimeanna eile atá le samhaltú.  Tar éis suirbhé calaoise agus earráide a rinneadh le déanaí ar an Scéim Ranníocach Pinsean Stáit, déanfaidh an Roinn nuashonrú ar a beartas rialaithe i leith na scéime sin, ar bhonn measúnú riosca agus rangú riosca i ndáil le gach faighteoir.

Tá an obair meaitseála sonraí a dhéanann an Roinn leis na Coimisinéirí Ioncaim ábhartha freisin sa chomhthéacs sin, go háirithe i dtéarmaí airgead neamhnochta a choinnítear in institiúidí airgeadais.

Go ginearálta, ba chóir a thabhairt ar aird go bhfuil tús curtha ag an Roinn le tionscadal chun feabhas a chur ar rangú na ró-íocaíochtaí agus na mbeart bainistíochta bainteacha – amhail na cúiseanna is bun le díscríobh, bearta aisghabhála a chur ar fionraí agus iad a chur ar ceal.  Ina theannta sin, tá an Roinn ag tabhairt isteach próisis fheabhsaithe treorach, bhailíochtaithe agus mhaoirseachta, mar chuid de na nósanna imeachta athbhreithnithe maidir le bainistiú fiachais, rud a chuirfidh dearbhú níos mó ar fáil maidir le bailíocht na ngníomhaíochtaí a dhéantar chun ró-íocaíochtaí a thaifeadadh agus a bhainistiú.

### *Ró-íocaíochtaí a fháil ar ais*

**17.60** Léiríonn anailís ar an ráta aisghabhála fiach go ndéantar aon trian de na fiacha a taifeadadh a aisghabháil go tapa.  Ina dhiaidh sin, bíonn an aisghabháil níos moille, agus déantar idir 50% agus 60% a aisghabháil trí nó ceithre bliana tar éis na fiacha a bhrath.  Déantar roinnt díscríobh ar fhiacha a mheastar a bheith do-aisghabhála.  Níor bunaíodh go fóill an tionchar fadtéarmach ar rátaí aisghabhála de bharr athruithe a cuireadh chun feidhme mar chuid den chóras CCFF.

**17.61** Ag deireadh 2016

- Bhí 46% de luach na bhfiach gan íoc níos mó ná cúig bliana d'aois. Bhí beagnach an ceathrú chuid de luach na bhfiach gan íoc níos mó ná deich mbliana d'aois.
- I gcás beagnach duine as gach cúigear, fiach €100 nó níos lú a bhí air nó uirthi. Bhí níos lú ná 1% de na féichiúnaithe i bhfiacha €91 milliún, nó 19% de luach na bhfiach gan íoc. Tá socruithe spriocdhírithe aisghabhála fiach i bhfeidhm ag an Roinn chun déileáil leis na daoine a bhfuil na fiacha is mó orthu.

**17.62** Tá pleananna gníomhacha aisghabhála i bhfeidhm maidir le breis is leath na bhféichiúnaithe atá ag fáil íocaíocht leasa faoi láthair. As na féichiúnaithe nach bhfuil íocaíocht leasa á fáil acu a thuilleadh, tá níos lú ná 8% díobh ag déanamh aisíocaíocht ghníomhach ar na méideanna atá dlite.

**Moladh 17.2**

Ba cheart don Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar na fiacha gan íoc maidir leis na gnéithe seo a leanas:

- a méid agus cibé an fiú nó nach fiú iad a lorg i dtéarmaí eacnamaíocha
- in-aisghabhálacht na bhfiach, agus na fiacha níos sine go háirithe.

Ba cheart don Roinn athbhreithniú a dhéanamh freisin ar fhócas a próisis aisghabhála fiach.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe. Le míonna beaga anuas, tugadh faoi anailís chuimsitheach ar an stoc fiach, agus na saincheisteanna éagsúla ar leagadh béim orthu sa mholadh á gcur san áireamh. San obair sin, aithníodh go mbaineann fadhb ar leith leis na ró-íocaíochtaí a ardaíodh roimh 2011 maidir le dul sa tóir orthu agus/nó iad a aisghabháil. Áirítear orthu sin caighdeán na cáipéisíochta tacaíochta, a fuarthas atá bocht/neamhleor, easpa eolais ag an éilitheoir faoin bhfiach a bheith ann agus faoi na cúiseanna ar ardaíodh é agus an t-achar ama ó ardaíodh an fiach.

Mar gheall ar an gcreat reachtúil a bhí i bhfeidhm go dtí 2013, bhí na bearta aisghabhála a d'fhéadfaí leas a bhaint astu le haghaidh ró-íocaíochtaí den sórt sin an-teoranta freisin. Go dtí seo, ba thart ar €2 in aghaidh na seachtaine de ghnáth a bhí san asbhaint sheachtainiúil i leith fiach a aisghabháil, rud a chuir teorainn nach beag ar chumas na Roinne ró-íocaíochtaí a aisghabháil ar aon bhealach suntasach.

### *Forfheidhmiú dlí*

**17.63** Chomh maith le fiacha a aisghabháil go héifeachtúil, tá an forghníomhú láidir ina phríomhbhac ar iompar calaoiseach. Féachann an Roinn le hionchúiseamh a dhéanamh ar na cásanna is tromchúisí.

**17.64** As na cásanna a cuireadh i leith calaoise in 2016, bhí luachanna ró-íocaíochta os cionn €5,000 an ceann ag 1,305 cás acu. In 2016, bhreithnigh an Roinn 222 cás san iomlán maidir le himeachtaí coiriúla.

**17.65** I gcás fhormhór na n-orduithe astaithe a cuireadh i gcrích go dtí mí an Mheithimh 2017, rinneadh íocaíocht iomlán dá mbarr nó chuaigh an féichiúnaí i mbun plean aisíocaíochta sula ndearnadh an t-ordú astaithe a fhorghníomhú.

**Moladh 17.3**

Ba cheart don Roinn smaoineamh ar leathnú a dhéanamh ar úsáid na n-orduithe astaithe i gcás féichiúnaithe nach bhfuil íocaíocht leasa á fáil acu a thuilleadh agus nach bhfuil i mbun aisíoca faoi láthair.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe. Thionscain an Roinn an próiseas chun orduithe astaithe a dhéanamh in 119 cás le fiacha €1.46 milliún. Go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2017, rinneadh ordú astaithe a fhorghníomhú maidir le 31 cás a raibh fiacha €952,000 orthu: bhí €369,000 aisghafa ar na cásanna sin. Sna 88 cás eile, glanadh an fiach nó comhaontaíodh socruithe aisghabhála. Ba é €507,000 luach na bhfiach; ba é €453,000 an méid a bhí aisíoctha ag deireadh mhí an Mheithimh 2017. Is minice anois a mbaintear leas as orduithe astaithe chun dul sa tóir ar fhéichiúnaithe nach bhfuil íocaíocht ón Roinn á bhfáil acu a thuilleadh. Glacann an próiseas reachtúil chun orduithe den sórt sin a fhorghníomhú a lán acmhainní agus is féidir leis suas le 60 lá a thógáil lena chur i gcrích.

### *Bainistiú na ró-íocaíochtaí*

**17.66** Is féidir ró-íocaíochtaí a dhíscríobh in imthosca éagsúla, mar shampla i gcás ina meastar nach bhfuil aon ionchas réalaíoch ann go ndéanfar fiach a aisíoc, de bharr lascainí socraithe a bheith comhaontaithe, an féichiúnaí a bheith éagtha, nó imthosca maolaitheacha. Ina theannta sin, taifeadadh 162 fiach dar luach €149,000 mar chinn a bhí díscríofa toisc nár ghníomhaigh an Roinn laistigh de thréimhse réasúnach ar fhaisnéis a fuarthas lena seachnófaí ró-íocaíocht a bheith i gceist nó lena laghdófaí luach na ró-íocaíochta.

**Moladh 17.4**

Ba cheart don Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar na cúiseanna a taifeadadh maidir le fiacha a dhíscríobh agus a chinneadh an gá athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais agus nósanna imeachta chun feabhas a chur ar aisghabháil agus dá bhrí sin an leibhéal díscríofa a íoslaghdú amach anseo.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe. Ní féidir na suimeanna go léir a ró-íocadh a aisghabháil agus, dá réir sin, chun críocha cuntasaíochta agus riaracháin, ní mór na suimeanna a mheastar a bheith do-aisghabhála a dhíscríobh go tréimhsiúil mar chinn nach féidir a bhailiú. Mar sin féin, is féidir leis an Roinn ais-scríobh a dhéanamh ar ró-íocaíocht agus dul sa tóir ar aisghabháil ró-íocaíochta má athraíonn cúinsí féichiúnaí.

Faoi láthair tá an Roinn ag déanamh uasghrádú ar CCFF chun feabhas a chur ar rangú foriomlán na bhfiach, lena n-áirítear cinn a chuirtear ar ceal agus a dhéantar a dhíscríobh. Ina theannta sin, déanfar an treoir agus an oiliúint foirne atá i bhfeidhm cheana maidir le bainistiú fiachais a nuashonrú chun tacú leis na hathruithe atá beartaithe. Meastar go bhfuil luach bliantúil an díscríofa sách íseal faoi láthair.

### *Bailiú fiach — an dea-chleachtas*

**17.67** Tá an Roinn ag cloí leis na príomhthosca ratha dea-chleachtais de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le fiacha a bhainistiú agus a aisghabháil i gceithre réimse ach ní mór dul chun cinn breise a dhéanamh i réimsí eile.

**Moladh 17.5**

Ba cheart don Roinn a chinntiú go bhfuil an bainistiú a dhéanann sí ar fhiacha ró-íocaíochta ag cloí go hiomlán leis an dea-chleachtas.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe.  Scrúdaigh an Roinn a cleachtais reatha i gcoinne na dtreoirlínte dea-chleachtais a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Eanáir 2017.

- Tá an Roinn ag obair i láthair na huaire ar na beartais agus na nósanna imeachta a nuashonrú lena chinntiú go gcomhlíonfaidh siad treoirlínte dea-chleachtais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus chun feabhsuithe atá pleanáilte ar fheidhmiúlacht CCFF a chur san áireamh iontu.  Glacfar san áireamh sna hathbhreithnithe sin ábhair imní a d'ardaigh Oifig an Ombudsman agus Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir le bainistiú fiach agus bainistiú aisghabhálacha.
- Tá cur chuige spriocdhírithe maidir le fiacha gan íoc i bhfeidhm cheana féin ina dtugtar tús áite do ró-íocaíochtaí níos mó agus d'fhiacha a ardaíodh ó tugadh isteach CCFF.
- Tá scileanna nach beag ag gach ball foirne sa réimse bainistithe fiachais.  Cuirfear sainoiliúint ar fáil chun na leibhéil scileanna sin a fhorbairt agus a chothabháil.
- Tá clár á chur i bhfeidhm chun ráitis bhliantúla a eisiúint do gach féichiúnaí agus, faoi dheireadh 2017, beimid tosaithe ag eisiúint ráitis fiachais bhliantúla maidir le gach fiach a ardaíodh in 2014, 2015 agus 2016.  Leathnófar an clár in 2018 chun fiacha gan íoc ó bhlianta roimhe sin a chlúdach.
- Tá breithniú á dhéanamh faoi láthair maidir le cur le réimse na roghanna íocaíochta atá ar fáil d'fhéichiúnaithe, i gcomhthéacs seirbhísí baincéireachta don todhchaí a sholáthar don Roinn.
- Tá athbhreithniú cuimsitheach ar fhiacha níos sine ar bun faoi láthair d'fhonn roghanna a leagan amach maidir le bainistíocht níos fearr a dhéanamh ar ró-íocaíochtaí amach anseo.

### *Iniúchadh ar na ró-íocaíochtaí*

**17.68** San iniúchadh ar bhainistiú sampla cásanna ró-íocaíochta de chuid na n-aonad scéime agus oifigí Intreo, fuarthas réimsí nach raibh treoirlínte na Roinne á gcomhlíonadh ina leith.

**Moladh 17.6**

Ba cheart don Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na dtreoirlínte inmheánacha lena chinntiú go gcloítear leo go hiomlán.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe.  Meastar go mbeidh dea-thionchar ag feabhsuithe atá pleanáilte i bhfeidhmiúlacht CCFF, athbhreithnithe ar threoirlínte de chuid na Roinne agus soláthar oiliúna gaolmhaire don fhoireann ar an gcáilíocht i dtaobh ró-íocaíochtaí a thaifeadadh, a bhainistiú agus dul sa tóir orthu.  Le córais agus próisis fheabhsaithe, tabharfar aghaidh ar na nithe seo a leanas:

- go mbítear ag brath ar ríomhanna láimhe ar ró-íocaíochtaí
- easpa pleananna aisghabhála le haghaidh fiacha a cruthaíodh le déanaí

- nach ndéantar cumarsáid leordhóthanach le héilitheoirí (cé go mbeidh sé sin fós ina fhadhb nach beag maidir le cásanna ró-íocaíochta roimh 2015)
- feabhas ar phróisis bhailíochtaithe, fíoraithe agus maoirseachta chun taifeadadh a dhéanamh ar ró-íocaíochtaí, ar fhiacha a cuireadh ar ceal agus ar fhiacha a ndearnadh díscríobh orthu agus feabhas ar rangú na mbeart arna dtaifeadadh ar CCFF.